# Oideachas na meán chun tacú le teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid go sábháilte agus go freagrach

## Réamhrá

Tá an cháipéis seo mar chuid de shraith ina bhfuil trí ábhar tacaíochta a bhfuil sé mar aidhm acu cuidiú leat chun múineadh faoi na teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid go sábháilte agus go freagrach tríd an gCuraclam OSPS (1999).

Ba cheart an t-ábhar tacaíochta seo a léamh i gcomhar le:

- Aitheantas, sláinte agus folláine a fhiosrú i dtimpeallacht dhigiteach
- Tacú le hidirghníomhaíochtaí sláintiúla ar líne a fhorbairt.

Feiceann na páistí roinnt foinsí meán, lena n-áirítear meáin chló, meáin chraoltóireachta agus meáin dhigiteacha. Tá sé mar aidhm ag an Aonad Snáithe 'Oideachas na Meán' in OSPS tacú leis na scoláirí iniúchadh a dhéanamh ar roinnt foirmeacha meán ar bhealach criticiúil agus chun feasacht a fhorbairt ar an gcaoi ar féidir leis na meáin tionchar a imirt ar a n-iompar agus ar a dtuairimí. Ba cheart 'Oideachas na Meán' a chur i láthair do na páistí de réir a chéile agus ar bhealach struchtúrach, ina gcuirtear le réamhthaithí. Dírítear sa cháipéis seo ar an gcaoi ar féidir leis an Aonad Snáithe 'Oideachas na meán cumarsáide' cuidiú leat chun tacú leis na páistí i do rang na teicneolaíochtaí digiteacha agus an t-idirlíon a úsáid go muiníneach, agus chun tacú leo tuiscint a fháil ar na teachtaireachtaí a fhaigheann siad ó fhoinsí éagsúla meán, lena n-áirítear na meáin dhigiteacha.

Cuimsíonn sé na codanna seo a leanas:

- Scileanna smaointeoireachta criticiúla
- Fógraí a fhiosrú agus critic a dhéanamh orthu
- Ábhar neamhoiriúnach
- Conas is féidir liom tacú le tuismitheoirí[1]?
- Léitheoireacht bhreise.

### Forléargas ó thaighde

Is féidir leis na meáin i ngach foirm tionchar a imirt ar ár ngníomhartha agus ar ár n-iompar, agus d'fhéadfadh na teachtaireachtaí a fhaighimid trí na meáin tionchar a imirt ar ár gcinntí i ngan fhios dúinn (Curaclam OSPS). Tá feasach á forbairt ar an tábhacht leis an eolas agus scileanna cuí a chur ar fáil do na daoine óga ionas go mbeidh siad in ann teicneolaíocht dhigiteach a úsáid go muiníneach agus go criticiúil agus go mbeidh siad in ann roghanna feasacha agus freagracha a dhéanamh (EOECNA, 2018). San oideachas, bhíodh béim ar an inniúlacht dhigiteach, ina n-úsáideann na páistí scileanna chun na huirlisí digiteacha a úsáid go héifeachtach ach anois, cuirtear béim ar scileanna smaointeoireachta criticiúla a fhorbairt freisin inar féidir leis na páistí achoimre a dhéanamh ar na buntáistí féideartha agus uirlisí digiteacha a úsáid go freagrach agus go sábháilte. Bíonn na páistí sáite i dteicneolaíochtaí digiteacha agus tá rochtain acu ar ghléasanna digiteacha ó aois níos óige, agus fuarthas amach i roinnt taighde go dtéann páistí réamhscoile i dtaithí ar ghléasanna digiteacha sula dtosaíonn siad ag léamh (Hopkins, Brookes agus Green, 2013). Ach, ní thugann níos mó ama ar líne le fios go bhfuil na scileanna agus an t-eolas cuí ag na páistí chun na teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid go sábháilte agus go héifeachtach chun leas a bhaint as na buntáistí féideartha (ECFE, 2019).

## Scileanna smaointeoireachta criticiúla

Is príomhaidhm an Churaclaim OSPS chun cur ar chumas na bpáistí cinntí agus roghanna feasacha a dhéanamh anois agus amach anseo. Tá daoine óga ag caitheamh níos mó ama ar na meáin dhigiteacha. Is féidir leis na páistí tacaíocht a fháil ó scileanna smaointeoireachta criticiúla a fhorbairt ionas go mbeidh siad in ann an

[1] Is ionann tuismitheoirí anseo agus máithreacha, aithreacha agus daoine a bhfuil freagracht tuismitheora acu i gcaidrimh dhifriúla tuismitheoireachta. D'fhéadfadh sé go gcuimseodh sé sin tuismitheoirí altrama, tuismitheoirí uchtála, leastuismitheoirí, caomhnóirí dlíthiúla agus cúramóirí.



NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment

t-idirlíon a úsáid go gníomhach agus go freagrach agus chun eolas a mheas agus a cheistiú, seachas a bheith ag féachaint ar ábhar go fulangach.

Is gné thábhachtach é machnamh chun scileanna smaointeoireachta criticiúla a fhorbairt. Is féidir leis na gníomhaíochtaí a thacaíonn leis na páistí machnamh a dhéanamh ar a n-úsáid as na meáin a bheith ina dtúsphointe cabhrach, mar shampla, gníomhaíochtaí éagsúla a rangú agus a shórtáil, suirbhé a dhéanamh ar an am a caitheadh ag úsáid meáin éagsúla, agus roghanna a roinnt. Gheobhaidh tú léargais sna gníomhaíochtaí machnaimh ar an leibhéal rannpháirtíochta i do rang i roinnt foinsí meán, lena n-áirítear na meáin dhigiteacha, agus beidh siad ina gcabhair ort gníomhaíochtaí a athrú bunaithe ar riachtanais do ranga.

I do sheomra ranga, is féidir na hacmhainní agus gníomhaíochtaí seo a leanas tacú leat chun spás a chruthú do na páistí chun machnamh criticiúil a dhéanamh ar na meáin a mbíonn siad ag féachaint orthu agus ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar a n-iompar agus ar a dtuairimí:

- **Bí i do bhleachtaire meán**: Spreag na páistí i do rang chun féachaint ar na meáin ar bhealach criticiúil, chun ceisteanna a chur agus chun machnamh a dhéanamh ar a gcuspóir. Tá cruthaitheoir agus cuspóir ag na meáin ar fad. Rud a thaispeánann an chaoi ar féidir na meáin a dhearadh chun tionchar a imirt ar ár roghanna, ná na gníomhaíochtaí amhail físeáin agus cláir theilifíse a shórtáil agus a mheaitseáil do lucht éisteachta sprice. Is féidir a thaispeáint nach é lom lán an scéil í an teachtaireacht a fhaighimid ach iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir na híomhánna a eagrú. Maidir leis na páistí ag barr na bunscolaíochta, is féidir leo tuiscint níos fearr a fháil ar an eolas a fhaigheann siad agus is féidir cur ar a gcumas foinsí iontaofa a chuardach ach taispeáint dóibh cén chaoi chun tuilleadh eolais a fháil faoin bhfoinse nó faoin gcruthaitheoir. Is féidir le ceisteanna tacú leis na páistí le bheith níos grinne faoin eolas a fhaigheann siad, mar shampla: *Cé a chruthaigh é? Cén chaoi a ndéanann sé iarracht m'aird a fháil? Cén tuairim atá ann? Cén dearcadh atá in easnamh?*
- **Scéal a úsáid chun iniúchadh a dhéanamh ar na dearcthaí éagsúla agus ar bhréagaisnéis/eolas míchruinn**: D'fhéadfadh go mbeadh mearbhall ar roinnt páistí mura dtagann an t-eolas a léann siad i gcló nó ar líne leis an méid a deirtear leo sa bhaile nó ar scoil. Is féidir tacú leis na scileanna litearthachta criticiúla a fhorbairt trí dheiseanna chun iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh eolas ó fhoinsí éagsúla a bheith difriúil. Maidir le páistí níos óige, is féidir leabhair scéalta a úsáid chun dearcthaí éagsúla a chur ina láthair ar bhealach atá aoisoiriúnach. Mar shampla, d'fhéadfaí an scéal 'The Three Little Pigs' a úsáid agus taobh an mhic tíre a thabhairt chun solais chun taispeáint dóibh cén chaoi ar féidir taithí dhifriúil a bheith ag daoine éagsúla ar an imeacht céanna agus cén chaoi ar féidir tuiscintí éagsúla a fháil ar an imeacht céanna.

Nuair a thagann foinsí éagsúla eolais salach ar a chéile, bíonn sé míshoiléir uaireanta cén duine ar chóir do mhuinín a chur ann. D'fhéadfadh sé a bheith dúshlánach do roinnt páistí tuiscint a fháil nach bhfuil an t-eolas a fhaigheann siad ar líne i gcónaí fíor. Tarraingíonn **Laochra HTML Webwise ceacht 3 "Céard air a bhfuil mé in ann brath ar líne?"** (clár do Rang a Trí agus a Ceathair) aird ar an tábhacht atá le hathmhachnamh criticiúil agus le labhairt le duine fásta a bhfuil muinín agat as mura bhfuil tú cinnte.

Is féidir scéalta nua, scéalta i gcló nó fístaifeadtaí, a úsáid chun iniúchadh a dhéanamh ar theicnící áitimh agus ar ról na claontachta. Comparáid a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil an t-eolas sna tuarascálacha nuachta difriúil lena chéile agus machnamh a dhéanamh ar cheisteanna amhail: *Céard é an lucht féachana sprice? Cén tuairim atá ann? Cén tuairim nach bhfuil léirithe?* Is féidir na ceisteanna seo a úsáid mar chúnamh chun aidhm an scéil nuachta a aimsiú agus chun iniúchadh a dhéanamh ar ról na claontachta. Bíonn sé cabhrach ceannlínte a chur i gcomparáid lena chéile agus/nó iarraidh ar na páistí ceannlínte a chruthú chun iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir ceannlínte a dhearadh chun aird an léitheora a tharraingt trí stór focal áibhéalach a úsáid. Ar aon dul leis sin, b'fhéidir gur mhaith leat iniúchadh a dhéanamh ar rogha na híomhá a úsáidtear le haghaidh scéalta éagsúla nuachta.


NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment

# Oideachas na meán chun tacú le teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid go sábháilte agus go freagrach

Is féidir tacú leis an bhfoghlaim seo níos mó agus í a chomhtháthú le foghlaim i réimsí curaclaim eile, go háirithe le litearthacht chriticiúil agus le torthaí foghlama i gCuraclam Teanga na Bunscoile, mar shampla:

- Léitheoireacht TF 7: Cuspóir, seánra agus guth
- Léitheoireacht TF 8: Freagairt agus intinn an údair
- Scríbhneoireacht TF 6: Cuspóir, seánra agus guth
- Scríbhneoireacht TF 8: Freagairt agus intinn an údair

## Measúnú agus léirmheas a dhéanamh ar fhógraí

Feiceann na páistí fógraí ó aois óg. Is féidir feabhas a chur ar scileanna cinnteoireachta na bpáistí agus is féidir tacú leo le bheith níos criticiúla agus iad ag féachaint ar na meáin, anois agus amach anseo, ach iniúchadh agus measúnú a dhéanamh ar fhógraí. Deiseanna a chur ar fáil do na páistí machnamh a dhéanamh ar aidhm na bhfógraí agus an teachtaireacht atá taobh thiar de na fógraí a fháil amach, agus iniúchadh a dhéanamh ar na teicnící a úsáidtear amhail úsáid an datha, íomhánna, ceoil, agus teanga áititheach.

B'fhéidir gur mhaith leat triail a bhaint as na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- **Sprioclucht féachana a aimsiú:** iarr ar na páistí i ngrúpa chun an sprioclucht féachana a aimsiú i réimse fógraí. An bhfuil siad in ann a rá cén fáth a gceapann siad é seo? Céard iad na teicnící a úsáideadh le haghaidh spriocluchtanna féachana éagsúla?

- **Cruthaigh lógó nó dear pacáistiú le haghaidh táirge:** Cuir tús leis seo ach freagairt do roinnt lógónna iomráiteacha nó lógónna atá le feiceáil thart ar an scoil. Déan iniúchadh ar na dathanna, na cruthanna/na híomhánna agus na clófhoirne a úsáidtear agus déan plé ar na roghanna is fearr. Más ranganna níos sine atá i gceist, b'fhéidir gur mhaith leat a fheiceáil cén chaoi ar tháinig athrú ar lógó iomráiteach thar thréimhse ama. Iarr ar na páistí lógó a dhearadh. B'fhéidir gur mhaith leat táirge agus sprioclucht féachana a chur ar fáil. Iarr ar na páistí a lógó a chur i láthair agus chun a rogha datha/crutha/íomhá/clófhoirne a mhíniú.

- **Cruthaigh fógra le haghaidh táirge ar leith:** D'fhéadfaí é seo a úsáid le haghaidh fógra prionta, fógra raidió nó le haghaidh na teilifíse/an idirlín. Tabhair táirge do gach grúpa. Iarr ar na grúpaí tobsmaoineamh a dhéanamh agus smaointe a roghnú. Ag an gcéim phleanála, spreag iad chun machnamh a dhéanamh ar an sprioclucht féachana agus ar na teicnící a úsáidfidh siad. Más fógra físeáin/teilifíse atá i gceist, b'fhéidir gur mhaith leo clár scéalta a chruthú, a bhfógra deiridh a scannánú agus ceol a chur leis.

- **Gníomhaíochtaí Media Wise:** Chruthaigh *Safefood* Media Wise chun tacú le páistí chun feasacht agus tuiscint a fhorbairt ar na meáin. Dírítear in Ábhar 3 ar spriocluchtanna féachana agus ar cheachtanna molta agus ar ghníomhaíochtaí do na ranganna bunscoile ar fad. Dírítear in Ábhar 4 ar an gcaoi a ndeartar na meáin chun tionchar a imirt orainn.

- **Laochra HTML:** Chruthaigh Webwise Laochra HTML. Is í Ceacht 3: Céard air a bhfuil mé in ann brath ar Líne ón gclár do Rang a Trí agus a Ceathair a dhéanann scrúdú ar fhógraíocht ar líne. B'fhéidir go mbainfeadh do rang sásamh as an bhfíseán seo Céard í Fógraíocht ar Líne?

## Ábhar neamhoiriúnach

De réir mar a éiríonn na páistí níos gníomhaí ar líne agus mar a bhaineann siad níos mó neamhspleáchais amach, d'fhéadfaidís ábhar a fheiceáil nach bhfuil oiriúnach dá n-aois/staid nó a chuireann isteach orthu nó a chuireann imní orthu. Labhair leis na páistí faoina 'mothúcháin a bhraitheann siad sa chroí istigh' nó faoina 'n-instinní nádúrtha'. Is minic a bhraitear na mothúcháin seo nuair a bhíonn siad i gcás ina mbraitheann siad aisteach nó ina bhfuil eagla nó míchompord orthu, ach


NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment

gan iad a bheith cinnte cén fáth. Múin do na páistí go luíonn na mothúcháin seo le réasún in amanna, agus d'fhéadfaí rialacha a phlé agus a chur le chéile mar rang maidir leis an méid atá le déanamh má bhraitheann siad gurb amhlaidh an scéal i dtimpeallacht dhigiteach nó má fheiceann siad ábhar nach bhfuil oiriúnach dóibh. D'fhéadfadh **Amhrán Chód Sábháilteachta na Laochra HTML: Stop Smaoinigh Seiceáil** a bheith ina spreagadh le haghaidh plé. Atreisigh na rialacha ón gclár Bí Sábháilte, sin, gur cheart dóibh labhairt le duine fásta dílis faoi má fheiceann siad rud éigin ar líne a chuireann imní orthu nó a chuireann isteach orthu.

### Forléargas ó thaighde

Thuairiscigh CyberSafeKids (2022), go raibh na páistí a ndearnadh suirbhé orthu dearfach faoina n-eispéiris ar líne den chuid is mó agus bhraith siad go raibh siad sábháilte ar líne den chuid is mó, ach d'fhreagair 26% de na páistí 8-12 bliain d'aois go raibh rud éigin ar líne a chuir isteach orthu le 12 mhí anuas, agus d'fhreagair 12% nach raibh siad cinnte an raibh. I measc na bpáistí a d'fhreagair go raibh, d'inis 54% de na páistí céanna do dhuine fásta a bhfuil muinín acu as faoi. Ach, bhí 30% acu sin nár inis d'aon duine faoi.

Tá a fhios againn gur gníomhaíocht ar líne í an chluichíocht a bhfuil an-tóir uirthi i measc páistí. Is féidir tuiscint a fhorbairt ar na córais rátála PEGI (Pan European Game Information) cabhrú le páistí cumhacht níos fearr a fháil ar an ábhar a fheiceann siad agus tacóidh sé leo cluichí a roghnú atá oiriúnach dá n-aois. Déanann rátáil PEGI measúnú ar an ábhar ó thaobh aoisoiriúnachta de ach ní dhéanann sé measúnú ar leibhéal deacrachta an chluiche. Is féidir faisnéis bhreise a fháil **anseo**.

Nuair atáthar ag déanamh machnamh ar na teicneolaíochtaí digiteacha le húsáid i gceachtanna OSPS, tá sé tábhachtach go bhfuil eolas agat ar bheartais ábhartha do scoile agus go ndéanann tú tagairt dóibh, mar shampla, *Plean Foghlama Digití* do scoile, a bhfuil sé mar aidhm aige teicneolaíochtaí digiteacha a dhaingniú i saol na scoile agus chun inniúlacht dhigiteach an scoláire a fhorbairt. B'fhéidir go mbeadh cur chuige sa scoil uile aontaithe ag do scoil chun ardáin dhigiteacha a úsáid a leagfaí amach i *bPolasaí Úsáide Inghlactha* do scoile.

Beidh deiseanna agat mar mhúinteoir chun iompraíocht fhreagrach a léiriú. Mar shampla, b'fhéidir go gcuimhneofá ar inneall cuardaigh a úsáid atá oiriúnach do pháistí sa seomra ranga. Is féidir leis a bheith cabhrach do ghníomhartha a fhógairt agus a thaispeáint cén chaoi chun inneall cuardaigh a úsáid, cén chaoi chun sonraí a aimsiú faoin údar agus faoin dáta foilseacháin, cén chaoi chun leathanach/táb a oscailt agus a dhúnadh, cén chaoi le heolas a fháil faoin suíomh gréasáin agus chun foinsí iontaofa a roghnú. Taispeáin an tsiombail 'glas fraincín' do do rang atá le feiceáil ag tús an tsuímh gréasáin nuair atá an leathanach sábháilte. Tá leideanna úsáideacha ag **Stop/Smaoinigh/Seiceáil**, arna chruthú ag Be Media Smart a d'fhéadfaí a chur in oiriúint d'aois agus do chéim do ranga.

### Machnamh an mhúinteora

- Céard iad na teicneolaíochtaí digiteacha a bhí ina gcabhair ort chun tacú le teagasc agus foghlaim in OSPS?
- Machnamh a dhéanamh ar an úsáid a bhain tú as na teicneolaíochtaí digiteacha sa seomra ranga i réimsí eile, an bhfuil deiseanna ann chun foghlaim faoi úsáid shábháilte agus fhreagrach as an teicneolaíocht a chomhtháthú sna ceachtanna seo?
- An féidir leat smaoineamh ar aon deiseanna nár thapaigh tú iad chun úsáid shábháilte agus fhreagrach na teicneolaíochta a léiriú? Más féidir, cén chaoi a bhféadfá pleanáil a dhéanamh do na deiseanna seo as seo amach?
- Cén cur síos a dhéanfainn ar mo chuid scileanna digiteacha féin? Cá bhfaighinn tacaíocht nó cén chaoi a bhforbróinn mo chuid scileanna inniúlachta digití féin?


NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment

## Oideachas na meán chun tacú le teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid go sábháilte agus go freagrach

### An chéad chéim eile?

Conas is féidir liom tacú le tuismitheoirí?

**Foghlaim sa bhaile:** D'fhéadfá gníomhaíochtaí scríofa nó machnamhacha a chur ar fáil a spreagfadh na páistí cuid dá bhfoghlaim a roinnt le tuismitheoirí.

**Cumarsáid:** Cuir in iúl do na tuismitheoirí go mbeidh sibh ag foghlaim faoi oideachas na meán agus go léireoidh tú do chur chuige maidir leis an ábhar a mhúineadh. D'fhéadfá machnamh a dhéanamh ar cuid de na naisc seo a leanas a roinnt leis na tuismitheoirí:

- Tá eolas agus tacaíocht ar fáil i Mol Webwise do Thuismitheoirí do thuismitheoirí lena n-áirítear:
  - Comhairle faoi bhréageolas agus treoir le haghaidh scagairí idirlín.
  - Tacaíonn #TalkListenLearn leis na tuismitheoirí comhráite a bheith acu faoin idirlíon a úsáid níos freagraí agus níos sábháilte lena bpáistí.
- Tusla Leideanna do do pháiste ar an idirlíon (6-12 bliana d'aois)
- Mol CÉCL do Thuismitheoirí:
  - Cén chaoi chun Oideachas a chur ar do Pháiste Bréagnuacht a Aithint (ispcc.ie)
  - Is Fearr Pictiúr Ná Míle Focal.....Ach ní hí an Fhírinne atá ann i gCónaí (ispcc.ie)
- Fuse, Ionad Frithbhulaíochta, OCBÁC mol do thuismitheoirí:
  - 5 Rud atá Tuismitheoirí in ann a Dhéanamh chun Cluichíocht a Dhéanamh Sábháilte agus Spraíúil dá bpáistí

Tacaíochtaí breise/léitheoireacht

- Webwise: Gheobhaidh tú eolas, comhairle agus acmhainní oideachais atá saor in aisce. B'fhéidir go mbeadh suim agat sa mhéid seo a leanas:
  - Scileanna Litearthachta Digití: Smaointeoireacht Chriticiúil
  - Sábháilteacht ar líne a chur i láthair an tSeomra Ranga Bunscoile – Machnaimh don Mhúinteoir
- D'fhoilsigh Comhairle na hEorpa Lámhleabhar d'Inniúlacht Idirlín agus is féidir an lámhleabhar a íoslódáil saor in aisce. Tá bileoga eolais ann chun saineolas teicniúil a fhorbairt chun tuiscint a fháil ar theicneolaíocht chumarsáide.

## Tagairtí

CyberSafeKids (2022). *CyberSafeKids Academic Year in Review 2021-2022*. CyberSafeKids, Baile Átha Cliath. Ar fáil ag: https://www.cybersafekids.ie/wp-content/uploads/2022/09/CSK_YearInReview_2021-2022_FINAL.pdf

Hopkins, L., Brookes, F. and Green, J. (2013). Books, bytes and brains: The implications of new knowledge for children's early literacy learning. *Australasian Journal of early childhood*, 38(1), pp.23-28.

Rialtas na hÉireann (1999). *Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte*. Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann. Ar fáil ag: https://www.curriculumonline.ie/getmedia/c5dd3a91-dea7-410c-a14c-4b041fbff27d/PSEC06_SPHE_Curriculum_Gaeilge.pdf

Rialtas na hÉireann (2019). *Curaclam Teanga na Bunscoile*, Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann.. Ar fáil ag: https://www.curriculumonline.ie/Primary/Curriculum-Areas/Primary-Language/

ECFE (2019). *Educating 21st Century Children: Emotional Well-Being in the Digital Age. Educational Research and Innovation*. OECD Publishing. 2, Rue Andre Pascal, F-75775 Páras Cedex 16, an Fhrainc. Ar fáil ag: https://www.oecd.org/education/educating-21st-century-children-b7f33425-en.htm

EOECNA (2018). *Creatlach Inniúlachta TFC do Mhúinteoirí Leagan 3*. Ar fáil ag: https://unesdoc.unesco.org/ark:/48223/pf0000265721



NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment